An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

maidir linne | an méid a dhéanaimid | an chaoi a dhéanaimid é

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

Misean

Tá sé mar aidhm ag an EEA tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt inbhuanaithe agus cúnamh a thabhairt i dtreo feabhas suntasach agus intomhaiste a bhaint amach i gcomhshaol na hEorpa, trí fhaisnéis atá tráthúil, sonraithe, ábhartha agus iontaofa a sholáthar do ghníomhaithe déanta beartas agus don phobal i gcoitinne.



Baill

Cuimsíonn ballraíocht an EEA Ballstáit an AE; is féidir le tíortha nach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh iad a bheith ina mbaill freisin. Tá 32 tír ina mbaill anois: an 27 Ballstát de chuid an AE i dteannta leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis agus an Tuirc. Chuir an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chróit, Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, Montainéagró agus an tSeirbia iarratas isteach ar bhallraíocht i gcomhpháirt agus táthar i mbun comhoibrithe cheana féin leis an EEA le roinnt blianta anuas.

Cliaint agus spriocghrúpaí

Is iad na príomhpháirtithe leasmhara atá ag an EEA ná an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh — ag déileáil ach go háirithe leis na riachtanais a bhíonn ann nuair a athraíonn uachtaránacht an AE — agus na tíortha atá ina mbaill den EEA.

Sa bhreis ar an gcroíghrúpa de ghníomhaithe Eorpacha agus náisiúnta um beartais, oibríonn an EEA le hinstitiúidí an AE lena n-áirítear an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, Coiste na Réigiún, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus gníomhaireachtaí an AE. Lasmuigh de chreatlach an AE, tá pobal an lucht gnó, an saol acadúil, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus codanna eile den tsochaí shibhialta ina spriocghrúpaí tábhachtacha chomh maith.

Tá sé mar aidhm ag an EEA cumarsáid dhébhealaigh a bheith aige lena chliaint agus lena spriocghrúpaí chun a gcuid riachtanas ó thaobh faisnéise de a aithint i gceart agus chun cinntiú gur féidir leo an fhaisnéis a sholáthraíonn an EEA a thuiscint agus a úsáid.







Ionad Faisnéise an EEA

Tugann Ionad Faisnéise an EEA freagairtí aonair ar iarratais ar fhaisnéis ón taobh amuigh agus tá sé ar oscailt don phobal i gcoitinne gach lá oibre.

Suíomh gréasáin an EEA

Tá eea.europa.eu ar cheann de na seirbhísí faisnéise comhshaoil poiblí is cuimsithí ar an idirlíon agus is é an cainéal faisnéise is gnóthaí atá ag an EEA. Tá téacsanna iomlána na dtuarascálacha, na n-achoimrí agus na n-alt ar fad foilsithe ar an suíomh gréasáin agus is féidir iad a íoslódáil saor in aisce. Tá sonraí agus faisnéis a thacaíonn leis na tuarascálacha ar fáil freisin. Úsáidtear ábhar ilmheánach níos minice anois chun cumarsáid a éascú agus chun lucht léitheoireachta níos leithne a aimsiú.

Aschur an EEA

Soláthraíonn an EEA léirmheasanna agus faisnéis i bhfoirm tuarascálacha, bileoga gearra agus ailt, ábhar preasa agus táirgí agus seirbhísí ar líne. Clúdaíonn an t-ábhar staid an chomhshaoil, treochtaí agus brúnna reatha, cumhachtaí tiomána geilleagracha agus sóisialta, éifeachtacht bheartais, agus treochtaí, dearcaí agus fadhbanna na todhchaí a aithint, ag úsáid cásanna agus teicnící eile.

Go minic aistrítear achoimrí ar thuarascálacha tábhachtacha agus ailt agus preaseisiúintí éagsúla go dtí teangacha oifigiúla na dtíortha atá ina mbaill den EEA.

Táirgí an EEA a ordú

Is féidir cruachóipeanna d'fhoilseacháin díolacháin an EEA a ordú ó shiopaí leabhar, ó ghníomhaithe díolachán náisiúnta de chuid Oifig Foilseachán an AE (http://publications.europa.eu/others/agents/index_en.htm) nó ón siopa leabhar ar líne (http://bookshop.europa.eu). Chun forbhreathnú cothrom le dáta a fháil ar na foilseacháin atá ar fáil, téigh i gcomhairle leis an rannóg "products/publications" ar ár suíomh gréasáin le do thoil.

Cláraigh, le do thoil, le haghaidh srutha RSS an EEA nó don tseirbhís fógraíochta chun r-phost a fháil nuair a uaslódáiltear tuarascálacha nua chuig an suíomh gréasáin.

Chun cruachóipeanna a fháil d'ábhar atá saor in aisce, bain úsáid as an bhfoirm iarratais le haghaidh fiosrúcháin chuig Ionad Faisnéise an EEA le do thoil.

Comhchóras um Fhaisnéis Chomhshaoil na hEorpa

I mí Feabhra 2008, mhol an Coimisiún Eorpach go mbunófaí Comhchóras um Fhaisnéis Chomhshaoil na hEorpa (SEIS) — córas bunaithe ar an ngréasán a cheadaíonn do sholáthraithe faisnéise poiblí sonraí agus eolas a bhaineann leis an gcomhshaol a roinnt. Tabharfaidh SEIS sreabha sonraí atá ann cheana agus faisnéis bainteach le beartais chomhshaoil an AE le chéile agus beidh sé furasta ar an lucht déanta beartas agus ar shaoránaigh teacht ar an bhfaisnéis sin. Beidh sé ina dhúshlán mór SEIS a fhorbairt mar ardán le haghaidh cumarsáid dhébhealaigh, ag cur ar chumas na n-úsáideoirí faisnéis a uaslódáil agus a roinnt.

I gcaitheamh na mblianta atá le teacht, oibreoidh an EEA agus Eionet le chéile i dteannta leis an gCoimisiún Eorpach agus páirtithe leasmhara eile chun SEIS a chur i bhfeidhm. Déanfaimid é seo trí fhorbairt a dhéanamh ar chórais tuairiscithe agus ar uirlisí atá ann cheana (Reportnet), ar thionscnaimh a bhaineann le r-sheirbhísí an Rialtais, ar Bhonneagar d'Fhaisnéis Spáis san Eoraip (INSPIRE), ar Mhonatóireacht Dhomhanda don Chomhshaol agus don tSábháilteacht (GMES), agus ar Chóras Domhanda na gCóras um Breathnadóireacht na Cruinne (GEOSS).

'Baineann an pobal i gcoitinne, lucht déanta beartas, an pobal eolaíoch agus polaiteoirí tairbhe as an obair a dhéanann an EEA, agus tá an claonadh seo le dul i méid; bíonn díospóireacht chorraithe mar thoradh ar cheisteanna a bhaineann le hathrú aeráide, caillteanas bithéagsúlachta, agus cáilíocht an uisce agus an aeir. Tuigim nach leanfaidh sé seo ar aghaidh ach amháin má bhíonn meon forchéimnitheach ag croílár an EEA, a sholáthróidh faisnéis nuálaíoch atá tráthúil, ábhartha agus láidir sna cúig bliana atá os ár gcomhair amach.'

Cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an EEA, an Dr. Karsten Sach

Eagraíocht

Ghlac an Comhphobal Eorpach le rialachán chun an EEA agus a gréasán Eorpach um fhaisnéis agus um fhaire ar an gcomhshaol (Eionet) a bhunú i 1990, agus thosaigh an EEA ar a cuid oibre i gceart sa bhliain 1994.

Tá pearsanra an EEA, a chuimsíonn oibrithe ón 32 tír atá ina mbaill den eagraíocht, lonnaithe i gceanncheathrú na heagraíochta i gCóbanhávan den chuid is mó. I measc na mball foirne tá saineolaithe i réimsí an chomhshaoil agus na forbartha inbhuanaithe, na bainistíochta faisnéise agus na cumarsáide. Oibríonn siad i dteannta a chéile chun faisnéis ó bhalltíortha a bhailiú, anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin agus léirmhíniú a thabhairt uirthi agus í a scaipeadh go páirtithe agus saoránaigh a bhfuil spéis acu ann atá laistigh de chóras an AE agus níos faide i gcéin.

Chun tacaíocht a thabhairt don bhailiú, bhainistíocht agus anailís de shonraí, bhunaigh agus bainistíonn an EEA ionaid ábhar Eorpacha (ETCanna) a chlúdaíonn na réimsí tábhachtacha oibríochtúla agus comhshaoil de chuid chlár oibre an EEA. Tá na hionaid ábhar scaipthe ar fud bhalltíortha an EEA.

Rialachas

Tá ionadaí amháin ó gach ceann de na balltíortha, beirt ionadaithe ón AS Comhshaoil agus ón AS Taighde de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus beirt saineolaithe eolaíocha atá ceaptha ag Parlaimint na hEorpa ar Bhord Bainistíochta an EEA. I measc na dtascanna atá ag an mBord Bainistíochta, glacann sé le cláir oibre an EEA, ceapann sé an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ainmníonn sé baill an Choiste Eolaíoch. Tá an Coiste mar chomhlacht comhairleach ar chúrsaí eolaíocha don Bhord Bainistíochta agus don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.

Tá an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach don Bhord Bainistíochta as cláir oibre a chur i bhfeidhm agus as feidhmiú laethúil an EEA.

Eagraíonn an EEA a cuid gníomhaíochtaí i gcláir oibre bhliantúla faoi réir chláir oibre cúig bliana agus ilbhliantúla faoi seach. Clúdaíonn an straitéis reatha an tréimhse 2009–2013.

Bord Bainistíochta

Cathaoirleach
32 ionadaí ó na balltíortha
Beirt bhall ainmnithe ag Parlaimint na hEorpa
Beirt bhall mar ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh
Breathnóir: Cathaoirleach ar an gCoiste Eolaíoch

Coiste Eolaíoch

Uasmhéid de 20 eolaí ainmnithe ag an mBord Bainistíochta a chlúdaíonn réimse ábhar atá bainteach leis an gcomhshaol.

Rialachas an EEA



Réimsí gníomhaíochta

Tá sé mar aidhm ag an EEA:

- tacaíocht a thabhairt do riachtanais faisnéise an AE agus reachtaíocht chomhshaoil idirnáisiúnta;
- léirmheasanna a dhéanamh ar chomhshaol na hEorpa agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas;
- feabhas a chur ar chomhordú agus ar scaipeadh sonraí agus faisnéise a bhaineann leis an gcomhshaol ar fud na hEorpa.

'Tá gá le faisnéis níos fearr agus níos mionsonraithe ar mhaithe le beartas láidir agus fadradharcach. Tá a lán dul chun cinn bainte amach againn maidir leis seo. Ach nílimid ach tosaithe ag fíorú na hacmhainneachta atá ag faisnéis chomhshaoil. Tá an EEA ag iarraidh teicneolaíocht, an t-idirlíon ach go háirithe, a chur chun cinn i dtreonna nua maidir leis an idirghníomhaíocht atá aige leis an gcomhshaol trí Chomhchóras um Fhaisnéis Chomhshaoil na hEorpa (SEIS).'

Stiúrthóir Feidhmiúcháin an EEA, An tOllamh Jacqueline McGlade

Eionet agus páirtithe eile an EEA

Tagann an fhaisnéis atá curtha ar fáil ag an EEA ó réimse leathan foinsí. Cuireadh gréasán de chomhlachtaí comhshaoil náisiúnta ar bun chun dul i mbun oibre leis an EEA — an gréasán Eorpach um fhaisnéis agus um fhaire ar an gcomhshaol (Eionet) — lena bhfuil níos mó ná 300 institiúid trasna na hEorpa bainteach. Tá an EEA freagrach as forbairt a dhéanamh ar an ngréasán agus comhordú a dhéanamh ar a chuid gníomhaíochtaí. Chun é seo a dhéanamh, oibrímid go dlúth le lárionaid náisiúnta (NFP) — gníomhaireachtaí comhshaoil náisiúnta nó aireachtaí comhshaoil i mballtíortha de ghnáth. Bíonn siad sin freagrach as comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Eionet ar leibhéal náisiúnta.

Is iad na príomhthascanna a bhíonn ag na lárionaid náisiúnta ná forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar an ngréasán náisiúnta, foinsí faisnéise náisiúnta a aithint, sonraí agus faisnéis a ghabháil agus a dhíriú ó ghníomhaíochtaí monatóireachta agus gníomhaíochtaí eile, cúnamh a thabhairt don EEA chun anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a bailíodh agus cúnamh a thabhairt chun faisnéis ón EEA a chuir in iúl do na húsáideoirí deiridh sna balltíortha.

I measc comhpháirtithe tábhachtacha agus foinsí faisnéise eile don EEA, tá eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, cosúil leis an Oifig Staidrimh (Eurostat) agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (EBT), agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS).

Comhoibríonn an EEA go dlúth leis na heagraíochtaí seo maidir le faisnéis agus léirmheasanna a chur ar fáil dá chliaint agus dá spriocghrúpaí.

An gréasán Eorpach um fhaisnéis agus um fhaire ar an gcomhshaol (Eionet)



TH-80-09-956-GA-C
10.2800/30450

'Is é an sprioc atá againn san EEA ná rochtain a sholáthar do chinnteoirí agus do shaoránaigh Eorpacha ar fhaisnéis agus eolas tráthúil ábhartha ar mhaithe le bunús socair a thabhairt do bheartais chomhshaoil, chun cabhrú le freagraí a thabhairt ar a gceisteanna maidir leis an gcomhshaol ina saol laethúil agus chun cinntiú go dtugtar dearcadh agus oideachas ar an gcomhshaol isteach i bpríomhshruthanna na cinnteoireachta.'

Straitéis an EEA 2009–2013

лгария Belgique/België Česká republika Danmark Deutschland Eesti Ελλάδα España
nce Ireland Ísland Italia Κύπρος Latvija Liechtenstein Lietuva Luxembourg Magyarors
ta Nederland Norge Österreich Polska Portugal Romania Slovenija Slovenská repub-
Suomi/Finland Schweiz/Suisse/Svizzera Sverige Türkiye United Kingdom България
gique/België Česká republika Danmark Deutschland Eesti Ελλάδα España France Irel
nd Italia Κύπρος Latvija Liechtenstein Lietuva Luxembourg Magyarország Malta Nede
d Norge Österreich Polska Portugal Romania Slovenija Slovenská republika Suomi/Fir
weiz/Suisse/Svizzera Sverige Türkiye United Kingdom България Belgique/België Čes
ublika Danmark Deutschland Eesti Ελλάδα España France Ireland Ísland Italia Κύπρο
vija Liechtenstein Lietuva Luxembourg Magyarország Malta Nederland Norge Österre
Polska Portugal Romania Slovenija Slovenská republika Suomi/Finland Schweiz/Suiss

Faisnéis teagmhála:
An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach
Kongens Nytorv 6
1050 Cóbanhávan K
An Danmhairg
Facs +45 33 36 71 99
Teil. +45 33 36 71 00
Suíomh gréasáin: eea.europa.eu

ISBN 978-92-9213-060-2

Publications Office

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach